Ionaid Sonraí

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH


Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi agóidí a eagraíodh in aghaidh ionaid sonraí i mBaile Átha Cliath agus ar fud na hEorpa. Bígí ag obair i mbeirteanna agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad is ionad sonraí ann? Cén fáth, meas sibh, a bhfuil an oiread sin acu in Éirinn? Smaoinígí ar an aeráid, ar chúrsaí cánach agus ar na comhlachtaí móra teicneolaíochta.

2. Ar cheart don rialtas tuilleadh ionaid sonraí a cheadú ar mhaithe le poist a chruthú, nó ar cheart dó tús áite a thabhairt don chomhshaol? Cén fáth?

3. Bainimid ar fad úsáid as an idirlíon agus as an intleacht shaorga nach mór gach lá. An bhfuil sé fimíneach (*hypocritical*) a bheith i gcoinne ionaid sonraí, dar libh?

4. An bhfuil muinín agaibh as rialtas na hÉireann, go ginearálta? Cén fáth?



B: FOCLÓIR

1. Beidh an leagan Gaeilge de na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as **www.focloir.ie** chun cuidiú leat, más gá.

a) *dozens (lit. 'the scores')*	
b) *demanding, calling for*	
c) *fossil fuels*	
d) *a waste*	
e) *resources*	
f) *electricity (dhá fhocal éagsúla sa mhír)*	
g) *renewable*	
h) *agency*	
i) *to achieve an objective*	
j) *economy*	
k) *thanks to*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. '*Níl aon ghá leo*.' Cad is brí leis an bhfrása sin? _____



C: TUISCINT

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cad atá á éileamh ag lucht na hagóide i mBaile Átha Cliath agus cé a d'eagraigh an léirsiú?

2. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an méid a deir Peadar Mac Gaoithín faoi na hagóidí?

   A. Ní raibh agóidí ar siúl ach i mBaile Átha Cliath.
   B. Eagraíodh agóidí i ngach ardchathair san Eoraip seachas Baile Átha Cliath.
   C. Bhí na scórtha agóidí ar fud na hEorpa agus in Éirinn.
   D. Tháinig grúpaí ó Chill Dara agus ó Chill Mhantáin amháin.

3. Cad atá ag cur imní ar Trish Ní Fhoghlú faoin dá ionad sonraí sa Nás? Luaigh trí rud.

4. Cén fáth a luann Aonghus Ó hAlmhain muintir na Stát Aontaithe?

5. Cad iad an dá ghearán atá ann faoi na hionaid sonraí, dar le Peadar Mac Gaoithín?

6. Tá Máire Ní Mháirtín sásta leis an gcaoi a bhfuil an rialtas ag láimhseáil an scéil.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

7. Cad a dúirt an EPA, dar le Colin Doyle?

8. Cad a bhí sa tuarascáil a d'fhoilsigh an rialtas ag tús an tsamhraidh?

   A. Gur chuir na hionaid sonraí 22 billiún euro leis an ngeilleagar.
   B. Go bhfuil 107 ionad sonraí ar fud na hÉireann.
   C. Go n-úsáideann ionaid sonraí 22% de leictreachas na tíre.
   D. Go mbainfidh Éire a spriocanna aeráide amach roimh 2030.

Ceist bhreise: An gcuirfí leis an tuiscint ar an scéal dá mbeadh urlabhraí ón rialtas nó ón tionscal faoi agallamh sa mhír?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An aimsir chaite agus an saorbhriathar)

a) Féach ar na sleachta thíos ón tras-scríbhinn. Cuir an fhoirm cheart den bhriathar idir lúibíní sna bearnaí. Bí cúramach: an bhfuil an aimsir chaite nó an saorbhriathar (san aimsir chaite) ag teastáil?

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, 1. (léirsigh) _____ cúpla míle duine i lár chathair Bhaile Átha Cliath inniu, iad ag agóid i gcoinne ionaid sonraí. An grúpa comhshaoil 'Cairde na Cruinne' a 2. (eagraigh) _____ an léirsiú.

Peadar Mac Gaoithín
3. (eagraigh) _____ na scórtha agóidí ar fud na hEorpa inniu in éadan ionaid sonraí. Anseo sa bhaile, 4. (tar) _____ grúpaí ó ar fud na tíre amach ar shráideanna na hardchathrach, ag éileamh ar an rialtas moratóir a chur ar thógáil ionaid sonraí úra ar fud na tíre.

Peadar Mac Gaoithín
5. (clois) _____ go bhfuil ionaid sonraí i measc na gcúiseanna go bhfuil praghsanna arda leictreachais anseo …

Peadar Mac Gaoithín
Ag tús an tsamhraidh, 6. (foilsigh) _____ an rialtas tuarascáil inar 7. (maígh) _____ gur 8. (cuir) _____ 22 billiún euro leis an ngeilleagar ó 2010 i leith, a bhuíochas d'ionaid sonraí.

b) Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge. Ansin cuir do chuid abairtí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Béarla	Gaeilge
It was reported that thousands protested.	
Protests were cancelled all over Europe.	
A new data centre was built in Ennis.	
It was said that data centres are profitable.	
Nobody was arrested.	
It was decided that no new sites would be allowed.	

2: Saibhreas teanga (Buíochas a ghabháil)

Féach ar na frásaí thíos a bhaineann le *buíochas* agus *buíoch*. Cad is brí leo? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Frása	Abairtí
a bhuíochas do	
a bhuí le	
buíochas a ghabháil le duine as rud	
buíoch de dhuine as rud	
is mór agam …	

E: CUMARSÁID

1: Caint – Eagraígí agóid!

Tá comhlacht mór teicneolaíochta ag iarraidh ionad sonraí ollmhór a thógáil in bhur gceantar. Is sibhse grúpa pobail atá ina choinne agus bhí cruinniú agaibh leis an rialtas cúpla lá ó shin. Bígí ag obair i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear.

a) **Pléigí (10 nóiméad):** Cad iad na príomhargóintí atá agaibh in aghaidh an ionaid sonraí? Smaoinígí ar na ceisteanna seo a tháinig chun cinn sa chruinniú agus ar an agóid le teacht:

- Cad a dúradh faoin tionchar a bheidh aige ar an gcomhshaol?
- Cad iad na hargóintí a cuireadh chun cinn ar son an ionaid sonraí?
- Ar luadh praghsanna aibhléise agus uisce?
- Cé mhéad post a gealladh? An gcreideann sibh é?
- Cén mana a roghnóidh sibh don agóid?
- Cén dáta a bheidh sí ar siúl?

b) **Comharthaí (15 nóiméad):** Déanaigí thart ar chúig chomhartha don agóid as Gaeilge. Bíodh siad gearr, cliste agus soiléir! Bainigí úsáid as an bhfoclóir ón mír. Féachaigí ar chuid de na comharthaí a bhí ag lucht na hagóide sa mhír chun inspioráid a fháil:



c) **Agóid sa rang:** Cuirigí bhur gcomharthaí i láthair an ranga agus mínígí bhur bpríomhargóintí. Ansin, glacfaidh grúpa eile ról an chomhlachta nó an rialtais agus freagróidh siad sibh!

2: Scríobh – Preasráiteas

Is tusa urlabhraí an ghrúpa. Scríobh preasráiteas (150 focal) ag fógairt na hagóide. Bain úsáid as an saorbhriathar agus as cuid den fhoclóir ón mír.

Cé atá ag eagrú na hagóide? Cathain agus cá háit? Cén fáth? Cad atá á éileamh agaibh?

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, léirsigh cúpla míle duine i lár chathair Bhaile Átha Cliath inniu, iad ag agóidíocht[1] i gcoinne ionaid sonraí. An grúpa comhshaoil 'Cairde na Cruinne' a d'eagraigh an léirsiú. Tá siad ag iarraidh go gcuirfí *moratorium* i bhfeidhm ar aon ionad sonraí nua.

Peadar Mac Gaoithín
Eagraíodh na scórtha agóidí ar fud na hEorpa inniu in éadan ionaid sonraí. Anseo sa bhaile, tháinig grúpaí ó ar fud na tíre amach ar shráideanna na hardchathrach, ag éileamh ar an rialtas moratóir a chur ar thógáil ionaid sonraí úra ar fud na tíre.

Trish Ní Fhoghlú, An Nás, Co. Chill Dara
Tá muid an-bhuartha i Nás na Rí mar gheall ar dhá ionad sonraí faoi leith. Tá siad rómhór; tá siad róghar don bhaile. An ceann *Herbata*, beidh sé thuirbín gáis i gceist. Sin iomarca breoslaí iontaise.

Aonghus Ó hAlmhain, Co. Chill Mhantáin
Is cur amú acmhainní é, dar liom: aibhléis, uisce, talamh. Agus, dáiríre, níl aon ghá leo. Tá muintir na Stát Aontaithe tar éis vótáil trasna na stát chun fáil réidh leo.

Peadar Mac Gaoithín
Chualathas go bhfuil ionaid sonraí i measc na gcúiseanna go bhfuil praghsanna arda leictreachais anseo agus nach leor na coinníollacha a éilíonn ar ionaid úra 80% dá leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite.

Máire Ní Mháirtín, Baile Átha Cliath
Tá muid ag iarraidh deireadh le hionaid sonraí nua. Tá rómhéid acu … níl mórán muinín agam sa rialtas. Tá muid ag íoc i gcomhair na n-ionad sonraí timpeall na tíre.

Colin Doyle, Inis, Co. an Chláir
Tá sé ráite ag an ngníomhaireacht, an EPA[2], nach mbainfimid ár spriocanna amach agus cuirfidh an t-ionad sonraí seo in Inis agus in áiteanna eile, cuirfidh siad níos mó gáis anois amach san atmaisféar.

Peadar Mac Gaoithín
Ag tús an tsamhraidh, d'fhoilsigh an rialtas tuarascáil inar maíodh gur cuireadh 22 billiún euro leis an gheilleagar[3] ó 2010 i leith, a bhuíochas d'ionaid sonraí.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

---

[1] agóidíocht = agóid

[2] EPA (*Environmental Protection Agency*) = an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

[3] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

Ceist 1: Tá Éire tarraingteach do na comhlachtaí móra teicneolaíochta: aeráid fhionnuar, ráta íseal cánach corparáide, ballraíocht san Aontas Eorpach agus cáblaí idirnáisiúnta faoin bhfarraige. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), d'úsáid ionaid sonraí 23% de leictreachas na tíre in 2025, i gcomparáid le 5% in 2015.

Ceisteanna 2 – 4: Spreag díospóireacht. Ar son: poist, infheistíocht, cáin, agus na seirbhísí digiteacha a úsáidimid ar fad. Ina gcoinne: an t-éileamh ar aibhléis agus ar ghás, praghsanna leictreachais, uisce, talamh agus na spriocanna aeráide. I gceist 4, ná cuir brú ar na foghlaimeoirí a dtuairimí polaitiúla féin a nochtadh mura bhfuil siad compordach leis sin.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

a) *dozens (lit. 'the scores')*	na scórtha
b) *demanding, calling for*	ag éileamh
c) *fossil fuels*	breoslaí iontaise
d) *a waste*	cur amú
e) *resources*	acmhainní
f) *electricity* (dhá fhocal éagsúla sa mhír)	aibhléis / leictreachas
g) *renewable*	in-athnuaite
h) *agency*	gníomhaireacht
i) *to achieve an objective*	sprioc a bhaint amach
j) *economy*	geilleagar
k) *thanks to*	a bhuíochas do

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leaganacha eile acu.
3. Níl aon ghá leo = *there's no need for them / they aren't needed.*

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cad atá á éileamh ag lucht na hagóide i mBaile Átha Cliath agus cé a d'eagraigh an léirsiú?

Tá siad ag éileamh go gcuirfí moratóir i bhfeidhm ar aon ionad sonraí nua. An grúpa comhshaoil 'Cairde na Cruinne' a d'eagraigh an léirsiú.

2. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an méid a deir Peadar Mac Gaoithín faoi na hagóidí?

C.

3. Cad atá ag cur imní ar Trish Ní Fhoghlú faoin dá ionad sonraí sa Nás? Luaigh trí rud.

Tá siad rómhór; tá siad róghar don bhaile; beidh sé thuirbín gáis i gceist le ceann acu (Herbata) – an iomarca breoslaí iontaise.

4. Cén fáth a luann Aonghus Ó hAlmhain muintir na Stát Aontaithe?

Mar go bhfuil siad tar éis vótáil chun fáil réidh le hionaid sonraí; níl aon ghá le hionaid sonraí, dar leis.

5. Cad iad an dá ghearán atá ann faoi na hionaid sonraí, dar le Peadar Mac Gaoithín?

Go bhfuil siad ar cheann de na cúiseanna a bhfuil praghsanna leictreachais ard; agus nach leor an coinníoll go gcaithfidh ionaid nua 80% dá leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite.

6. Tá Máire Ní Mhaírtín sásta leis an gcaoi a bhfuil an rialtas ag láimhseáil an scéil.

B. Bréagach. (Níl mórán muinín aici as an rialtas, agus deir sí go bhfuil an pobal ag íoc as na hionaid sonraí.)

7. Cad a dúirt an EPA, dar le Colin Doyle?

Nach mbainfidh Éire a spriocanna (aeráide) amach.

8. Cad a bhí sa tuarascáil a d'fhoilsigh an rialtas ag tús an tsamhraidh?

A.

Ceist bhreise: Chuirfeadh, is dócha. Is iad lucht na hagóide a chloistear den chuid is mó sa mhír; níl urlabhraí ón rialtas ná ón tionscal inti agus ní chloistear an taobh sin den scéal ach trí thuarascáil an rialtais (22 billiún euro). Bheadh tuiscint níos cothroime ag an lucht féachana dá gcloisfeadh siad an dá thaobh den scéal.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An aimsir chaite agus an saorbhriathar)

a) Freagraí:

Idir lúibíní	Freagra
1. (léirsigh)	léirsigh
2. (eagraigh)	d'eagraigh
3. (eagraigh)	Eagraíodh
4. (tar)	tháinig
5. (clois)	Chualathas
6. (foilsigh)	d'fhoilsigh
7. (maígh)	maíodh
8. (cuir)	cuireadh

c) Freagraí samplacha (glac le leaganacha eile atá cruinn):

Béarla	Gaeilge
It was reported that thousands protested.	Tuairiscíodh gur léirsigh na mílte (duine).
Protests were cancelled all over Europe.	Cuireadh agóidí ar ceal ar fud na hEorpa.
A new data centre was built in Ennis.	Tógadh ionad sonraí nua in Inis.
It was said that data centres are profitable.	Dúradh go bhfuil ionaid sonraí brabúsach.
Nobody was arrested.	Níor gabhadh aon duine.
It was decided that no new sites would be allowed.	Socraíodh nach gceadófaí aon suíomh nua.

2: Saibhreas teanga (Buíochas a ghabháil)

Freagraí samplacha:

Frása	Brí	Abairt shamplach
a bhuíochas do	*thanks to, owing to*	Cuireadh 22 billiún euro leis an ngeilleagar, a bhuíochas d'ionaid sonraí.
a bhuí le	*thanks to*	Tháinig siad abhaile slán, a bhuí leis an traein nua.
buíochas a ghabháil le duine as rud	*to thank someone for something*	Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as teacht inniu.
buíoch de dhuine as rud	*grateful to someone for something*	Tá mé an-bhuíoch díot as do chabhair.
is mór agam …	*I appreciate …*	Is mór agam an obair ar fad a rinne sibh.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair 10 nóiméad don phlé agus 15 nóiméad do na comharthaí; is féidir leo páipéar mór agus marcóirí a úsáid. Cuir béim ar an obair foirne seachas ar an scríbhneoireacht. Spreag iad le frásaí gearra cliste a chumadh. Le linn na díospóireachta, bíodh an grúpa a ghlacann ról an chomhlachta ag tarraingt ar argóintí ar nós post, infheistíochta agus cánach. Ag an deireadh, crochtar na comharthaí ar an mballa agus vótálann an rang ar an gceann is fearr. Tabhair faoi deara go bhfuil an saorbhriathar sna ceisteanna (*dúradh*, *cuireadh*, *luadh*, *gealladh*): spreag iad lena úsáid sa phlé freisin, m.sh. *Dúradh linn go…*, *Gealladh 300 post…*

2: Scríobh

Mol dóibh struchtúr preasráitis a leanúint: ceannteideal; an phríomhtheachtaireacht san abairt tosaigh (Cé? Cad? Cathain? Cá háit?); agus sonraí teagmhála ag an deireadh.